Ciorclán
0037/2010

**DO PHRÍOMHOIDÍ AGUS BOIRD BHAINISTÍOCHTA IARBHUNSCOILEANNA**

**OIDEACHAS CAIDRIMH AGUS GNÉASACHTA**

## 1. Réamhrá

1.1 Is í is aidhm leis an gciorclán seo ná a mheabhrú do scoileanna na hoibleagáidí atá orthu:

(a) polasaí scoile a fhorbairt i leith Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) agus

(b) clár a chur i bhfeidhm sa réimse seo mar eilimint d'Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) sa Timthriall Sóisearach, agus mar chlár OCG sa Timthriall Sinsearach.

1.2 Tagraíonn Ciorcláin M4/95, M20/96, M22/00 M11/03 agus M27/2008, iad go léir ar fáil ar www.education.ie. Éilíonn na ciorcláin seo ar scoileanna tosnú polasaí agus clár OCG a fhorbairt, agus iad a chur i bhfeidhm do gach uile mac léinn ón gCéad Bliain go dtí an Séú Bliain.

1.3 Faoi Alt 9 (e) den Acht Oideachais, 1998, éilítear ar scoileanna forbairt mhorálta, spioradálta, shóisialta agus phearsanta mac léinn a chur chun cinn agus oideachas sláinte a chur ar fáil dóibh, i gcomhairle lena dtuismitheoirí, ag féachaint do spiorad sainiúil na scoile.

1.4 Ní mór aird a thabhairt ar Alt 30(2)(e) faoina bhforáltar nach mbeidh ceanglas ar aon mhac léinn freastal ar theagasc in ábhar ar bith atá contrártha do choinsias thuismitheoir an mhic léinn nó, i gcás mic léinn a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, do choinsias an mhic léinn.

1.5 Tá rochtain ar oideachas gnéasach agus oideachas sláinte ina cheart tábhachtach ag mic léinn faoi théarmaí Ailt 11.2 de Chairt Shóisialta na Eorpa. Tá sé curtha in iúl ag Coiste na gCearta Sóisialta de Chomhairle na hEorpa, a scrúdaíonn gearáin i dtaobh sáruithe den Chairt, go measann sé go bhfuil éileamh san Alt seo "*[that health education] be provided throughout the entire period of schooling*" agus go bhfuil oideachas gnéasach agus oideachas

atáirgeach "*objective, based on contemporary scientific evidence and does not involve censoring, withholding or intentionally misrepresenting information, for example as regards contraception or different means on maintaining sexual and reproductive health*."

D'aibhsigh Suirbhé na Roinne i Scileanna Beatha agus an staidéar ag Dáil na nÓg le déanaí *Life Skills Matter – Not Just Points*, atá le fáil ar www.omcya.ie, cúis imní de bharr leibhéal íseal feidhmithe OCG sa Timthriall Sinsearach.

## 2. Forbairt agus Feidhmiú Pholasaí OCG

2.1 Éilítear ar scoileanna polasaí OCG a bheith acu a forbraíodh i gcomhairle le múinteoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí, baill den Bhord Bainistíochta agus mic léinn. Is ceart go mbeadh Comhairle na Mac Léinn rannpháirteach sa phróiseas comhairlithe agus polasaí OCG á fhorbairt, agus is ceart iad a chur ar an eolas i dtaobh an pholasaí áit a bhfuil an próiseas sin críochnaithe. Tá treoirlínte d'fhorbairt pholasaí OCG ag www.education.ie (cliceáil ar Foireann Scoile, agus feic Polasaithe agus Pleananna Scoile sa cholún ar chlé).

2.2 Is ceart don pholasaí OCG bheith ag teacht le bunluachanna agus éiteas na scoile mar a leagtar amach i ráiteas misin na scoile iad. Féadann ceisteanna spioradálta, morálta agus eiticiúla a theacht chun cinn nuair atá OCG á mhúineadh. Is ceart do pholasaí OCG na scoile múinteoirí a threorú agus iad ag plé leis na ceisteanna sin, i gcomhréir le héiteas na scoile.

## 3 Soláthar Chlár OCG

3.1 Éilítear ar scoileanna OCG a mhúineadh mar chuid dhílis de OSPS don Teastas Sóisearach suas go dtí an Tríú Bliain, mar atá leagtha amach sa Chreatlach Curaclaim do OSPS an Teastais Shóisearaigh atá tugtha amach ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Tá sé de dhualgas freisin ar scoileanna OCG a mhúineadh don Timthriall Sinsearach fiú nuair nach bhfuil rang OSPS ar an gclár ama.

3.2 Is féidir rochtain ar Threoracha Eatramhacha na CNCM don Churaclam OCG (1996) ar shuíomh gréasáin an OSPS www.sphe.ie. Éilítear ar scoileanna gach gné den chlár OCG a mhúineadh, pleanáil chlainne, galair gnéas-tarchurtha agus claonadh gnéasach san áireamh. Ní ceadaithe eilimintí den chlár seo a fhágáil ar lár ar chuntas éiteas na scoile; is féidir agus is cóir, áfach, gach aon ghné den chlár a mhúineadh laistigh d'éiteas agus de chóras luachanna na scoile mar a leagtar amach sa pholasaí OCG é.

3.3 Forbraíodh acmhainní múinteoireachta do OCG don Timthriall Sóisearach agus don Timthriall Sinsearach i 1998 agus 1999. Tá na hacmhainní seo ar fáil le híoslódáil ag www.sphe.ie. Tá acmhainn nua chun tacú le múineadh OCG sa timthriall sinsearach -- Trust Pack (Talking Relationships, Understanding Sexuality Teaching), ar fáil do mhúinteoirí a fhreastalaíonn ar

oiliúint OCG don Timthriall Sinsearach. Is éard tá san acmhainn ná dvd agus 20 ceacht tionlacain. Cuimsíonn sé ceisteanna a bhaineann le caidreamh, frithghiniúint, ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha agus claonadh gnéasach. Soláthraíonn an DVD acmhainn luachmhar do mhúinteoirí agus do scoileanna agus is é is dóichí go mbeidh sé ina chabhair chun comhsheasmhacht a chinntiú sa chaoi ina gcaitear leis na ceisteanna seo sa churaclam.

3.4 Os rud é go bhfuil íogaireacht ag baint le gnéithe áirithe den OCG moltar do scoileanna feidhm a bhaint as oiliúint OCG agus OSPS atá ar fáil ón tSeirbhís Tacaíochta OSPS. (www.sphe.ie, Institiúid Oideachais Marino, Ascal Griffith, Baile Átha Cliath 9, teil 01-8057718, facs 01-8535113, r-phost sphe@mie.ie)

## 4 Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte sa Timthriall Sinsearach

4.1 **Cuir an ciorclán seo ar a súile led thoil do mhúinteoirí agus do bhaill de Bhord Bainistíochta na scoile**. Féadtar an ciorclán seo a rochtain chomh maith ag www.education.ie faoi Foireann Scoile/Ciorcláin.

**4.2 I 2010/11 iarrfar ar scoileanna a dheimhniú go bhfuiltear ag soláthar cláir OCG (a) mar chuid dhílis de OSPS do gach aon bhliain den timthriall shóisearach, agus (b) mar chlár sa timthriall shinsearach.**

Margaret Kelly
Príomhoifigeach
An tAonad Polasaí Cáilíochtaí, Curaclaim agus Measúnachta

Meán Fomhair 2010